C/2025/345

13.1.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11836 – CDPQ / OTPP / CONNEXA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/345)

1. An 19 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Caisse de dépôt et placement du Québec ('CDPQ', Ceanada),

— Ontario Teachers' Pension Plan Board ('OTPP', Ceanada),

— Connexa Limited ('Connexa', an Nua-Shéalainn), a bhí faoi rialú comhpháirteach OTPP agus Spark New Zealand Trading Limited (an Nua-Shéalainn) roimhe seo.

Gheobhaidh CDPQ agus OTPP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Connexa.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is infheisteoir institiúideach é CDPQ a bhainistíonn cistí a thaisceoirí, cistí atá comhdhéanta go príomha de phleananna pinsin atá poiblí ina n-iomláine nó i bpáirt agus pleananna árachais ó Québec.

— Baineann OTPP le riar domhanda sochar pinsin agus le hinfheistíocht dhomhanda sócmhainní plean pinsin a dhéantar thar ceann múinteoirí gníomhacha agus múinteoirí ar scor in Ontario, Ceanada.

— Is le Connexa sócmhainní bonneagair teileachumarsáide móibílí éighníomhaí sa Nua-Shéalainn agus déanann sé iad a thógáil agus a bhainistiú go neamhspleách.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11836 – CDPQ / OTPP / CONNEXA

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË